**Bheilg, an-An Bhruiséil: Beartais náisiúnta um maolú astaíochtaí gás ceaptha teasa a shamhaltú agus an gaol le conairí domhanda um astaíochtaí ísle**
**OJ S 79/2017 22/04/2017**
**Fógra conartha seirbhíse**
**Seirbhísí**

1. **Tagairt an fhoilseacháin:**
   EuropeAid/138749/DH/SER/Multi.
2. **Nós imeachta:**
   Teoranta.
3. **Teideal an chláir:**
   Rialachas aeráide.
4. **Maoiniú:**
   21.020701 Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a shamhaltú ag tíortha i mbéal forbartha.
5. **Údarás conarthachta:**
   An tAontas Eorpach, arna ionadú ag an gCoimisiún Eorpach, ar son agus chun cuntais na dtíortha is comhpháirtithe, an Bhruiséil, AN BHEILG.

## Sonraíocht an chonartha

6. **Nádúr an chonartha:**
   An praghas iomlán.
7. **Cur síos ar an gconradh:**
   Díreofar fócas an tionscadail seo ar na nithe a leanas: i) cáilíocht na n-uirlisí samhaltaithe a fheabhsú arna bhforbairt ag foirne samhaltaithe náisiúnta i dtíortha i mbéal forbartha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú; chomh maith le ii) an t-eolas i gcoitinne a fheabhsú ar an ngaol atá ag gníomhú i ngeilleagair lena léirítear cion mór d'astaíochtaí domhanda, amhail na cinn sa G20, le conairí domhanda um astaíochtaí ísle.
   De réir mar a ullmhaíonn tíortha chun na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta dá gcuid a chur chun feidhme a gealladh faoi Chomhaontú Pháras chomh maith le beartais a ailíniú leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, éiríonn sé ríthábhachtach na cumais samhaltaithe intíre a fheabhsú maidir le comhar um fhorbairt. Baineann ábharthacht ard leis seo freisin maidir le straitéisí lár an chéid a fhorbairt de réir an chuiridh atá tugtha faoi Chomhaontú Pháras.
   Is iad príomhchuspóirí an chonartha:
   i) chun ligean do rannpháirtithe intíre ó thíortha atá i mbéal forbartha (lena n-áirítear geilleagair atá ag teacht chun cinn go sciobtha sa G20) na huirlisí a fheabhsú chun beartais agus straitéisí maolaithe a mheasúnú ina dtíortha. Ba cheart go mbeadh feabhsuithe san áireamh leis sin amhail léiriú níos fearr de na himthosca náisiúnta sna samhlacha maolaithe sin; agus cumas níos fearr chun idirnascálacha a shamhaltú idir earnáil an fhuinnimh, talmhaíocht, talamhúsáid, earnálacha astaithe gás eile. Ní gá sin a theorannú do mhaolú um athrú na haeráide ach is féidir tabhairt faoi na hidrghníomhaíochtaí dá chuid le spriocanna forbartha eile. Ba cheart go ndéanfaí cumais na rannpháirtithe a fheabhsú chun samhaltú a dhéanamh mar thaca le beartais agus spriocanna aeráide na dtíortha dá gcuid, go háirithe mar a bhaineann siad leis na rannchuidithe agus straitéisí lár an chéid faoi Chomhaontú Pháras a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
   ii) measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le conairí domhanda um athrú aeráide a mhaolú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ísle a fhorbairt, agus ar an dúl chun cinn ina leith sin. Mar sin de

ba cheart go ligfí do rannpháirtithe intíre leis an tionscadal, ní amháin na cinn ó thíortha i mbéal forbartha ach na cinn chomh maith ó thíortha G20 eile, saineolas agus léargais a mhalartú maidir le huirlisí samhaltaithe ar leibhéal náisiúnta agus maidir le conas a bhaineann na measúnuithe dá gcuid le cásanna de conairí ísealcharbóin domhanda. Ba cheart go mbeadh foirne san áireamh leis sin ag a bhfuil saineolas ar réamh-mheastacháin samhaltaithe um athrú aeráide a mhaolú ar scála domhanda. Sa bhreis ar an samhaltú arna chur chun feidhme ag an gconraitheoir, bainfear úsáid sa tionscadal as rití samhaltaithe domhanda agus AE arna soláthar ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde, nuair is iomchuí.
Déanfaidh coiste stiúrtha an obair shamhaltaithe faoin gconradh seo a threorú lena gcuimseofar ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach.

8. **Uimhir agus teidil na mbeart:**
Níl, 1 bheart amháin.

9. **Uasbhuiséad:**
1 550 000 EUR.

10. **Scóip le haghaidh seirbhísí breise**

## Coinníollacha rannpháirtíochta

11. **Cáilitheacht:**
Tá rannpháirtíocht oscailte do gach duine dlítheanach (a bheidh rannpháirteach astu féin nó mar chuid de ghrúpáil — cuibhreannas — tairgeoirí) atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír nó i gcríoch de na réigiúin atá clúdaithe nó údaraithe ag na hionstraimí sainiúla a bhaineann leis an gclár faoina bhfuil an conradh á mhaoiniú (féach mír 29 thíos). Tá rannpháirtíocht oscailte freisin d'eagraíochtaí idirnáisiúnta. Is faoi rialú díreach na n-ionstraimí sainiúla a bhaineann leis an gclár faoina bhfuil an conradh á mhaoiniú atá rannpháirtíocht daoine nádúrtha.
Déantar rannpháirtíocht a shíneadh do gach duine nádúrtha atá ina náisiúnaigh, nó ina ndaoine dlítheanacha atá bunaithe i dtír G20 (le haghaidh an tionscadail seo glactar leis gurb ionann na baill neamh-AE den G20 agus an Afraic Theas, an Airgintín, an Araib Shádach, an Astráil, an Bhrasaíl, Ceanada, an Chóiré Theas, an India, an Indinéis, Meicsiceo, an Rúis, an tSeapáin, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSín, an Tuirc. Tá na baill uile den G20 incháilithe páirt a ghlacadh, cé nach bhfuil iarrthóirí ón Araib Shádach, an Astráil, Ceanada, an Chóiré Theas, an Rúis, an tSeapáin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá in ann páirt a ghlacadh ach mar chomhpháirtithe i gcuibhreannas, ní mar cheannaire den chuibhreannas.

12. **Iarrthóireacht:**
Is féidir le gach duine nádúrtha agus dlítheanach atá incháilithe (de réir mhír 11 thuas) nó grúpálacha daoine den sórt sin (cuibhreannais) iarratas a chur isteach.
Is féidir cuibhreannas a bheith ina ghrúpáil bhuan atá bunaithe go dlíthiúil nó ina ghrúpáil a bunaíodh go neamhfhoirmiúil le haghaidh nós imeachta tairisceana ar leith. Tá gach ball de chuibhreannas (.i., an ceannaire agus gach ball eile) faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith an údaráis chonarthachta.
Má ghlacann duine nádúrtha nó dlítheanach neamh-incháilithe (de réir mhír 11) páirt ann eisiafar an duine sin go huathoibríoch. Go háirithe, má tá an duine neamh-incháilithe ina bhall de chuibhreannas, eisiafar an cuibhreannas ina iomláine.

13. **Líon na n-iarratas:**
Ní féidir le duine nádúrtha nó dlítheanach níos mó ná 1 iarratas a chur isteach cibé cineál rannpháirtíochta atá i gceist (mar aonán dlítheanach aonair nó mar cheannaire nó bhall de

chuibhreannas atá ag cur iarratais isteach). Má chuireann duine nádúrtha nó dlítheanach níos mó ná 1 iarratas isteach, déanfar gach iarratas inar ghlac an duine sin páirt a eisiamh.

14. **Cosc ar chomhaontais idir iarrthóirí atá ar an ngearrliosta:**
Déanfar tairiscint ar bith a fhaightear ó thairgeoirí lena gcuimsítear gnólachtaí seachas iad siúd atá luaite sna foirmeacha iarratais gearrliostaithe a eisiamh ón nós imeachta tairisceana teoranta seo, ach amháin má tá cead faighte roimh ré ón údarás conarthachta (féach an 'Treoir Phraiticiúil' — PRAG 2.4.3). Níl cead ag iarrthóirí ar an ngearrliosta comhaontas a dhéanamh ná fochonraitheoireacht a dhéanamh dá chéile don chonradh atá i gceist.

15. **Forais eisiaimh:**
Mar chuid den fhoirm iarratais, ní mór d'iarrthóirí dearbhú sínithe a chur isteach, atá ina chuid den fhoirm iarratais chaighdeánach, lena dtabharfar le fios nach bhfuil siad in aon cheann de na cásanna eisiaimh atá liostaithe in Alt 2.3.3 den PRAG.

16. **Fochonraitheoireacht:**
Ceadaítear fochonraitheoireacht.

17. **Líon na n-iarrthóirí le bheith ar an ngearrliosta:**
Ar bhonn na n-iarratas a gheofar, iarrfar ar idir 4 agus 8 iarrthóirí tairiscintí mionsonraithe a chur isteach ar an gconradh seo. Má tharlaíonn sé go bhfuil líon na n-iarrthóirí incháilithe a chomhlíonann na critéir roghnúcháin níos lú ná an t-íoslíon de 4, is féidir leis an údarás conarthachta cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí a chomhlíonann na critéir tairiscint a chur isteach.

## Amchlár sealadach

18. **Dáta sealadach an chuiridh chun tairisceana:**
15.7.2017.

19. **Dáta tosaithe sealadach an chonartha:**
1.11.2017.

20. **Tréimhse cur chun feidhme na dtascanna:**
30 mí.

## Critéir roghnúcháin agus dámhachtana

21. **Critéir roghnúcháin:**
Na critéir chéanna do dhaoine dlítheanacha agus do dhaoine nádúrtha.
Bainfidh na critéir roghnúcháin seo a leanas le hiarrthóirí. I gcás iarratas arna gcur isteach ag cuibhreannas, bainfidh na critéir roghnúcháin seo leis an gcuibhreannas ina iomláine, mura sonraítear a mhalairt. Ní fheidhmeofar na critéir roghnúcháin ar dhaoine nádúrtha ná ar chuideachtaí baill aonair agus iad ina bhfochonraitheoirí:
1) Cumas eacnamaíoch agus airgeadais an iarrthóra (bunaithe ar mhír 3 den fhoirm iarratais). I gcás iarrthóra atá ina chomhlacht poiblí, ba cheart faisnéis choibhéiseach a sholáthar. Is é an tréimhse theistiméireachta a thabharfar san áireamh na 3 bliana dheireanacha dá bhfuil cuntais dúnta:
• ní mór meánláimhdeachas bliantúil an iarrthóra a bheith níos mó ná uasbhuiséad bliantúil an chonartha (.i. an t-uasbhuiséad atá luaite san fhógra soláthair roinnte ar fhad tosaigh an chonartha i mblianta, i gcás inar mó é sin ná 1 bhliain).
2) Cumas gairmiúil an iarrthóra (bunaithe ar mhír 4 agus 5 den fhoirm iarratais). Is é an tréimhse theistiméireachta a thabharfar san áireamh na 5 bliana dheireanacha go dtí an spriocdháta le haghaidh iarratas a chur isteach:

Critéir i gcomhair daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha:
1. tá taithí 2 bhliain ar a laghad ag 15 ball foirne ar a laghad sna heagraíochtaí is iarrthóirí sa réimse a bhaineann le samhaltú eacnamaíoch ar réamh-mheastacháin maidir le hastaíochtaí GHG agus ar bheartais um maolú. Tá an méid a leanas ag baint le taithí ábhartha: an tsamhail a chothabháil, a fhorbairt agus a úsáid chun an anailís bunaithe ar shamhail a ullmhú chun críocha eolaíochta nó chun próisis ceaptha beartais a threorú, agus is féidir iad a léiriú trí na nithe a leanas:
• rannchuidiú gníomhach le ceardlanna/comhdhálacha le tinreamh idirnáisiúnta agus le tionscadail forbartha cumais a bhain le measúnú ar mhaolú ar athrú aeráide agus samhlacha measúnaithe eacnamaíoch á n-úsáid. Mar shampla na cruinnithe bliantúla den chuibhreannas um shamhaltú measúnaithe chomhtháite; agus tionscadail forbartha cumais a bhí dírithe ar shamhlacha a fhorbairt chun tacú le forbairt na mbeartas maolaithe. San áireamh le samplaí de thionscadail dá leithéid tá tionscadail taighde idirnáisiúnta chomhoibríocha faoi chlár Fhís 2020 an AE, nó
• trí bheith ina údar ar phríomhfhoilseacháin nó a rannchuidigh lena leithéid d'fhoilseacháin atá ábhartha do phróisis forbartha idirnáisiúnta nó náisiúnta um beartas aeráide. San áireamh le samplaí idirnáisiúnta tá tuarascáil UNEP (Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe) um Bearna Astaíochtaí agus an tuarascáil rianaithe Fuinneamh Inbhuanaithe do Chách. Ba cheart go mbeadh anailís chainníochtúil nó bheartais i gceist le samplaí d'fhoilseacháin náisiúnta lena ndéantar treorú maidir le pleananna náisiúnta um maolú, straitéisí forbartha um ísealcharbón, cumarsáidí náisiúnta chuig an UNFCCC (Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide) nó creatlacha reachtaíochta náisiúnta lena ndéantar astaíochtaí GHG a rialú;

2. tá 4 ball foirne ar a laghad ag obair faoi láthair don iarrthóir, agus iad liostaithe mar údair nó eagarthóirí léirmheasa maidir leis an ngrúpa oibre III don 5ú tuarascáil mheasúnaithe den IPCC (an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide) (Measfar rannpháirtíocht mar údar nó eagarthóir léirmheasa maidir leis an ngrúpa oibre III don 6ú tuarascáil mheasúnaithe (AR6) freisin mar fhianaise shásúil don chritéar sin. Is dócha go mbeidh próiseas roghnúcháin AR6 ar siúl tar éis an phróisis tairisceana don chonradh seo, áfach.). Le haghaidh an liosta, féach: https://www.ipcc.ch/pdf/ar5/ar5_authors_review_editors_updated.pdf

3. tá na cáilíochtaí a leanas um cheannaire foirne ag 1 bhall foirne ar a laghad de chuid an iarrthóra:
cáilíochtaí agus scileanna:
— taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad sa réimse a bhaineann le hathrú aeráide agus gás ceaptha teasa a mhaolú (arna léiriú le liosta de chomhoibriú, ceardlanna, láithreoireachtaí nó rannchuidithe le díospóireachtaí um beartas aeráide thar an tréimhse sin),
— líofacht shármhaith i mBéarla scríofa agus labhartha; de rogha an cumas obair a dhéanamh i dteangacha eile de chuid na dtíortha is tairbhithe d'fhonn gníomhaíochtaí an tionscadail a stiúradh; an cumas riachtanach taisteal a dhéanamh chuig na tíortha is tairbhithe;
taithí ghairmiúil ghinearálta:
— an cumas follasach bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar thionscadal lena n-áirítear úsáid uirlisí samhaltaithe eacnamaíoch d'fhonn próisis ceaptha beartas a threorú, a dhéanfar a léiriú le taithí in 2 thionscadal ar a laghad, agus i níos mó de rogha, agus luach íosta 300 000 EUR i gceist leo, laistigh de na 5 bliana seo a chuaigh thart,
— an cumas a léiriú bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar thionscadal lena n-áirítear contraphháirteanna/foirne iolracha, agus cinn ó thíortha i mbéal forbartha freisin, a dhéanfar a léiriú le taithí in 1 tionscadal ar a laghad, agus i níos mó de rogha, agus foireann de 5 ball i gceist, laistigh de na 5 bliana seo a chuaigh thart,
— an cumas follasach tátail maidir le samhaltú eacnamaíoch a chur in iúl do lucht ceaptha beartas i dtéarmaí nach bhfuil teicniúil a dhéanfar a léiriú le liosta de chomhoibriú, ceardlanna, láithreoireachtaí nó rannchuidithe le díospóireachtaí um beartas aeráide le tíortha is comhpháirtithe;
taithí ghairmiúil shainiúil:
— eolas agus taithí maidir le fuinneamh agus gás ceaptha teasa (agus beartais um thalamhúsáid,

thalmhaíocht agus aerthruailliú san áireamh freisin de rogha) ar scála idirnáisiúnta agus i níos mó ná 1 tír is tairbhí de rogha a dhéanfar a léiriú le rogha de roinnt tionscadal, foilseachán nó láithreoireachtaí le déanaí lena léirítear tuiscint mhaith straitéiseach ar dhíospóireachtaí um athrú aeráide ar leibhéil réigiúnacha agus dhomhanda, agus ar leasanna sainiúla na dtíortha is tairbhithe,
— taithí fhollasach ar fhorbairt cumais i dtíortha i mbéal forbartha, maidir le haon cheann de na nithe a leanas (a dhéanfar a léiriú le liosta de thionscadail le déanaí den chineál sin, agus tagairt ghairid d'fhreagracht an tionscadail):
— anailís bunaithe ar shamhlacha ar ghníomhaíochtaí maolaithe um an aeráid, nó
— monatóireacht, tuairisciú agus measúnú ar leibhéil astaíochtaí GHG,
— beartais agus bearta um maolú ar an athrú aeráide, gníomhaíochtaí maolaithe náisiúnta agus gealltanais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;
4. tá na cáilíochtaí a leanas um shamhaltóir saineolaíoch ag 1 bhall foirne ar a laghad de chuid an iarrthóra:
cáilíochtaí agus scileanna:
— taithí 5 bliana ar a laghad ar shamhail eacnamaíoch réigiúnach nó domhanda a chothabháil, a fhorbairt agus a úsáid ar féidir í a úsáid chun beartais um maolú ar an athrú aeráide a mheasúnú (a bhaineann ar a laghad le hastaíochtaí fuinnimh ach lena n-áirítear de rogha earnálacha eile agus astaíochtaí eile amhail talamhúsáid agus talmhaíocht) as a mbainfear úsáid sa tionscadal agus tá sé in ann anailís bunaithe ar shamhlacha chun críocha eolaíochta agus le haghaidh lucht ceaptha beartas a threorú.
Is féidir leis an saineolaí an taithí sin a léiriú trí na nithe a leanas a liostú:
— 2 fhoilseachán eolaíochta phiarmheasúnaithe úrnua ar a laghad a bhaineann leis an obair shamhaltaithe sin,
— cur síos gairid ar 1 tionscadal taighde ar a laghad a bhain lena leithéid de shamhlacha a dhearadh nó a úsáid, agus a rannchuidiú pearsanta leis an tionscadal sin,
— líofacht shármhaith i mBéarla scríofa agus labhartha; de rogha an cumas obair a dhéanamh i dteangacha de chuid na dtíortha is tairbhithe; an cumas riachtanach taisteal a dhéanamh chuig na tíortha is tairbhithe;
taithí ghairmiúil:
— an cumas follasach idirghníomhú le samhaltóirí eile d'fhonn faisnéis agus dea-chleachtas a mhalartú d'fhonn cumas samhaltaithe a fheabhsú a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide, arna léiriú le taithí in 2 thionscadal ar a laghad, agus i níos mó tionscadal de rogha, laistigh de na 5 bliana seo a chuaigh thart, agus foirne samhaltaithe ó thíortha i mbéal forbartha san áireamh de rogha,
— an cumas follasach toradh samhaltaithe a aistriú go moltaí do lucht ceaptha beartas, agus moltaí san áireamh leo de rogha a bhaineann le tíortha is tairbhithe atá ina dtíortha i mbéal forbartha, arna léiriú le foilseacháin a bhaineann le pleananna (dréachta) réigiúnacha nó náisiúnta um maolú, straitéisí forbartha ísealcharbóin, cumarsáidí náisiúnta don UNFCCC nó creatlacha reachtaíochta náisiúnta maidir le hastaíochtaí GHG.
3) Cumas teicniúil an iarrthóra (bunaithe ar mhíreanna 5 agus 6 den fhoirm iarratais). Is é an tréimhse theistiméireachta a thabharfar san áireamh na 5 bliana dheireanacha go dtí an spriocdháta le haghaidh iarratas a chur isteach:
Critéir i gcomhair daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha:
(a) tá an cumas ag an iarrthóir trí shamhaltú eacnamaíoch astaíochtaí gáis cheaptha teasa an domhain a fhortheilgean. Ba cheart go mbeadh ní hamháin astaíochtaí CO2 ó earnáil an fhuinnimh san áireamh leis sin, ach astaíochtaí GHG domhanda freisin ó fhoinsí agus ó earnálacha eile. Tá an cumas ag an iarrthóir anailís a dhéanamh ar ionchas maolaithe agus ar bheartais um maolú i réigiúnacha agus earnálacha éagsúla, agus ar na dúshláin agus deiseanna eacnamaíocha gaolmhara (m.sh. sreabha infheistíochta i bpríomhearnálacha an gheilleagair, éifeachtaí maicreacnamaíocha).
Is féidir cumas a léiriú trí thagairt do 2 fhoilseachán eolaíochta ar a laghad nó do dhoiciméadúchán teicniúil eile maidir le cineálacha cur chuige um shamhaltú eacnamaíoch bun anuas nó barr aníos a

fhorbairt nó a úsáid a bhain le samhaltú measúnaithe eacnaiméadrach, cothromaíochta ginearálta, cothromaíochta páirtí nó comhtháite;
(b) tá an cumas ag an iarrthóir roinnt uirlisí samhaltaithe a bhaineann go sainiúil le tír a reáchtáil (maidir leis an gcritéar seo ba cheart an AE agus a Bhallstáit a léirmhíniú mar 1 tír amháin) lena ndéantar astaíochtaí gáis cheaptha teasa a fhortheilgean agus lena ligtear do mheasúnú ar an ionchas maolaithe agus ar bheartais um maolú sna tíortha sin, agus na dúshláin agus deiseanna eacnamaíocha gaolmhara (m.sh. sreabha infheistíochta i bpríomhearnálacha an gheilleagair, éifeachtaí maicreacnamaíocha). Ba cheart na critéir bhreise a leanas a chomhlíonadh leis na huirlisí samhaltaithe sin a bhaineann go sainiúil le tír:
i. déanfar cothabháil na n-uirlisí samhaltaithe a bhaineann go sainiúil le tír sa tír chéanna í féin;
ii. is féidir tíortha nó réigiúnacha eile a bheith san áireamh leis na samhlacha a bhaineann go sainiúil le tír, ach ba cheart go mbeadh fócas ar 1 tír shainiúil laistigh den tsamhail (ní féidir gur réigiún é sin, gan an AE san áireamh);
iii. ní foláir nó go gclúdaítear astaíochtaí CO2 don tír sin ón gcóras fuinnimh le huirlis samhaltaithe a bhaineann go sainiúil le tír, agus de rogha ba cheart go mbeadh gáis bhreise agus earnálacha breise san áireamh;
iv. ba cheart go léireofaí 40 % ar a laghad d'astaíochtaí domhanda le suim na n-astaíochtaí neamh-AE ó na tíortha atá clúdaithe ag na samhlacha náisiúnta (https://unfccc.int/files/ghg_data/application/pdf/table.pdf).
Is féidir cumas a léiriú trí chur síos ar na socruithe atá ann chun saineolas samhaltaithe áitiúil agus faisnéis chainníochtúil ábhartha rochtain agus na socruithe chun an cumas a fhorbairt agus a chothabháil sna tíortha is tairbhithe chun anailís chainníochtúil bhreise a dhéanamh. Tá sé ábhartha tagairt a dhéanamh d'eispéiris maidir le forbairt cumais agus comhroinnt eolais leanúnach agus roimhe seo le tíortha is tairbhithe agus chun forbairt a dhéanamh air sin;
(c) sholáthair an t-iarrthóir seirbhísí faoi 1 chonradh ar a laghad a bhain le straitéisí forbartha um astaíochtaí ísle a fhorbairt ar leibhéal na tíre nó i suíomh iltaobhach. Is féidir cumas a léiriú trí thagairt a dhéanamh do 2 fhoilseachán eolaíochta ar a laghad nó trí thagairt do rannchuidithe do dhoiciméid bheartais nó tionscadail ábhartha.
Ní bhainfear úsáid as taithí roimhe seo mar theistiméireacht ba chúis le sárú conartha agus foirceannadh ag údarás conarthachta.
D'fhéadfadh oibreoir eacnamaíoch, más cuí agus do chonradh ar leith, brath ar chumais aonán eile, gan aird ar nádúr dlíthiúil na nasc atá aige/aici leo. Ní mór dó, sa chás sin, a chruthú don údarás conarthachta go mbeidh na hacmhainní riachtanacha ar fáil dó chun an conradh a fheidhmiú, mar shampla trí ghealltanas a sholáthar ó na haonáin sin go gcuirfidh siad na hacmhainní sin ar fáil dó. Ní mór d'aonáin den sórt sin, mar shampla máthairchuideachta an oibreora eacnamaíoch, na rialacha céanna a chomhlíonadh agus a dhéanann an t-oibreoir eacnamaíoch maidir le hincháilitheacht — go háirithe maidir le náisiúntacht — agus na critéir roghnúcháin ábhartha chéanna a chomhlíonadh agus a dhéanann an t-oibreoir eacnamaíoch. Maidir le critéir theicniúla agus ghairmiúla, ní féidir le hoibreoir eacnamaíoch brath ar chumais aonán eile ach amháin sa chás go ndéanfaidh na haonáin siúd na hoibreacha nó na seirbhísí a bhfuil na cumais sin riachtanach ina leith a fheidhmiú. Maidir le critéir eacnamaíocha agus airgeadais, bíonn aonáin a mbraitheann an tairgeoir ar a gcumas faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach as feidhmíocht an chonartha.
Má chomhlíonann níos mó ná 8 iarrthóirí incháilithe na critéir roghnúcháin thuas, ansin ní mór athscrúdú a dhéanamh ar láidreachtaí agus laigí coibhneasta iarratais na n-iarrthóirí sin d'fhonn na 8 iarrthóirí is fearr a aithint. Ní bhreithneofar ach an fachtóir seo a leanas amháin le linn an athscrúdaithe sin:
• an cion is airde d'astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi chritéar 21.3)(b).iv, thuas.

22. **Critéir dámhachtana:**
An cóimheas cáilíochta-praghais is fearr.

23. **Spriocdháta chun iarratais a fháil:**
1.6.2017 (16:00), Am Lár na hEorpa.
Ní bhreithneofar aon tairiscint a gheofar ag an údarás conarthachta tar éis an spriocdháta sin.

24. **Formáid an iarratais agus sonraí le tabhairt:**
Ní mór iarratais a chur isteach agus an fhoirm iarratais chaighdeánach á húsáid agus ní mór cloí go beacht lena formáid agus treoracha. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ón seoladh Idirlín seo a leanas:
http://ec.europa.eu/europeaid/prag/annexes.do?chapterTitleCode=B
Ní mór dearbhú ar a fhocal maidir leis na critéir eisiaimh agus roghnúcháin a bheith in éineacht leis an iarratas agus an teimpléad á úsáid atá ar fáil ón seoladh idirlín seo a leanas:
http://ec.europa.eu/europeaid/prag/annexes.do?chapterTitleCode=A
Ní bhreithneofar doiciméid bhreise (bróisiúr, litir, srl) a bheidh iniata leis an iarratas.

25. **Conas is féidir iarratas a chur isteach:**
Ní mór iarratais a chur isteach i mBéarla amháin chuig an údarás conarthachta i gclúdach litreach séalaithe:
• trí sheachadadh taifeadta (seirbhís poist oifigiúil) chuig:
DG Climate Action, unit CLIMA.C.1, BU 24 03/03, avenue de Beaulieu 24, 1160 Brussels, AN BHEILG.
Sa chás sin, is ionann an admháil seachadta agus cruthúnas go ndearnadh an spriocdháta fála a chomhlíonadh,
• nó é a sheachadadh de láimh (seirbhísí cúiréireachta san áireamh) díreach chuig an údarás conarthachta, agus admháil dátaithe agus sínithe a fháil chuig:
Maidir le nósanna imeachta tairisceana láraithe:
DG Climate Action, unit CLIMA.C.1, BU 24 03/03, avenue de Beaulieu 24, 1160 Brussels, AN BHEILG.
Sa chás sin, is ionann an admháil seachadta agus cruthúnas go ndearnadh an spriocdháta fála a chomhlíonadh.
Ní mór teideal an chonartha agus tagairt an fhoilseacháin (féach mír 1 thuas) a mharcáil go soiléir ar an gclúdach litreach ina mbeidh an t-iarratas agus é sin a lua i gcónaí i ngach comhfhreagras a dhéanfar leis an údarás conarthachta ina dhiaidh sin.
Ní bhreithneofar iarratais a chuirtear isteach ar aon slí eile.
Aontaíonn iarrthóirí, nuair a chuireann siad iarratas isteach, fógra a fháil maidir le toradh an nós imeachta trí mhodh leictreonach. Measfar go bhfuil an fógra sin faighte ar an dáta ar a ndéanann an t-údarás conarthachta é a sheoladh chuig an seoladh leictreonach dá dtagraítear san iarratas.

26. **Iarratais a athrú nó a tharraingt siar:**
Is féidir le hiarrthóirí a n-iarratais a athrú nó a tharraingt siar trí fhógra i scríbhinn a thabhairt roimh an spriocdháta le haghaidh tairiscintí a chur isteach. Ní féidir aon iarratas a athrú tar éis an spriocdháta sin.
Ba cheart aon fhógra faoi athrú nó tharraingt siar a ullmhú agus a chur isteach de réir mhír 25. Ní mór 'Athrú' nó 'Tarraingt siar' a mharcáil ar an gclúdach litreach lasmuigh (agus ar an gclúdach litreach ábhartha laistigh, má úsáidtear é) mar is cuí.

27. **Teanga oibre:**
Ní mór gach cumarsáid i scríbhinn maidir leis an nós imeachta tairisceana agus maidir leis an gconradh seo a bheith i mBéarla.

28. **Dáta foilsithe an fhógra réamhaisnéise:**

17.2.2017.
EuropeAid/138749/DH/SER/MULTI.

29. **Bonn dlí:**
Rialachán (AE) Uimh. 236/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.3.2014 ina leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta comhchoiteanna chun ionstraimí an Aontais a chur chun feidhme maidir le gníomhaíocht sheachtrach a mhaoiniú agus Rialachán (AE) Uimh. 233/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.3.2014 ina leagtar síos ionstraim mhaoinithe maidir le comhar um fhorbairt don tréimhse 2014–2020.

30. **Faisnéis bhreise:**
Is conradh praghais iomláin an conradh, ach beidh sé riachtanach cuid measartha mhór den bhuiséad a thiomnú do cheardlanna a eagrú do shamhaltóirí chun samhlacha agus torthaí a thástáil agus a chur i gcomparáid agus chun lucht ceaptha beartas a chur ar an eolas. Mar sin, beidh sé réamh-mheasta le cuid de na téarmaí tagartha caiteachas teagmhasach a úsáid chun na ceardlanna sin a eagrú, lena n-áirítear costais taistil agus cothaithe.